# Frithchaitheamh aduain agus méara ag snámh

AIRGEAD

| | |
|---|---|
| **FEARAS** | Scáthán beag plaisteach (clárach)<br><br>Babhla níocháin<br><br>Uisce<br><br>Nuachtán |
| **ULLMHÚCHÁN** | Bailigh an fearas |
| **CÚLRA** | Seo mar a fheiceann iasc dromchla an uisce<br><br>Cuireann an scáthán ar do chumas dromchla an uisce a fheiscint ón dtaobh thíos. |
| **SCILEANNA** | Ag imscrúdú agus ag tástáil |
| **GNÍOMHAÍOCHT** | Cuir scáthán i mbabhla uisce ag uilleann 45°. Breathnaigh sa scáthán tríd an uisce agus cuir barr do mhéire san uisce.<br><br>Ba chóir go bhfeicfeá barr do mhéire ag nochtadh gan foinse. Feicfidh tú íomhá na méire in aice leis. Is é an rud aisteach ná nach bhfuil aon lámh ceangailte leis an méar. |
| **SÁBHÁILTEACHT** | **Bí cúramach le huisce** |



## Frithchaitheamh aduain

1. Socraigh scáthán i mbabhla uisce ag uilleann 45°. Bain úsáid as marla chun é a chur ina sheasamh i gceart
2. Líon an babhla le huisce; is cuma mura mbíonn an scáthán faoi uisce go hiomlán. Nuair a bheidh an t-uisce socraithe síos féach díreach síos ar an scáthán tríd an uisce.
3. Go mall cuir do mhéar san uisce cóngarach don scáthán.
4. Cad tá le feiscint sa scáthán?




## Méar ag snámh



Anois bain triail as an MÉAR AG SNÁMH
(Níl aon fhearas ag teastáil)

Cuir méar amháin ó gach lámh os comhair d'aghaidh mar atá sa léaráid:

Breathnaigh ar rud éigin i bhfad uait ach ná breathnaigh ar do mhéara.

Breathnaigh go géar ar an spás idir na méara.

Cad a fheiceann tú?

An bhfeiceann tú 'méar' ghearr (idir an dá mhéar eile) le hiongan ar gach taobh?

*(Tá dhá mhéar le feiscint ag gach súil, sin ceithre chinn in iomlán. Téann an dá cheann sa bhreis isteach ina chéile).*